C/2024/6998

19.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11710 – OEP / E. WINKEMANN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6998)

1. An 8 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OEP Capital Advisors, L.P. ('OEP', na Stáit Aontaithe)

— E. Winkemann GmbH ('E. Winkemann', an Ghearmáin)

Gheobhaidh OEP rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar E. Winkemann ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é OEP a dhíríonn ar comhcheangail chlaochlaitheacha laistigh de na hearnálacha thionsclaíochta, cúraim sláinte agus teicneolaíochta i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip. Fuair OEP Associated Spring (monaróir comhpháirteanna saincheaptha arna ndearadh le haghaidh raon feidhmeanna tionsclaíocha, leighis, aeraspáis agus cosanta, agus feithicleach) agus chuir sé le chéile é agus a fhochuideachta Heinz Hänggi (gníomhach i gcomhpháirteanna stampáilte agus múnlaithe, stampáil bheachtais, micreastampáil, agus cóimeáil earnáil na gcomhpháirteanna).

— Monaraíonn E. Winkemann GmbH táirgí miotail stampáilte beachtais don tionscal feithicleach go príomha. I measc phríomhtháirgí na cuideachta tá comhpháirteanna le haghaidh gléasraí cumhachta mótarfheithiclí, amhail giarbhosca, giar acastóirí, teicneolaíocht innill, fonnadh agus réitigh leictrea-shoghluaisteachta. Tá ceanncheathrú E. Winkemann in Plettenberg, an Ghearmáin agus in 2019 d'oscail sé saoráid déantúsaíochta in Kunshan, an tSín.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11710 – OEP / E. WINKEMANN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË